Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0164(COD)**

**6426/23
ADD 2**

**CODEC 190
ECOFIN 147
UEM 32
FIN 215
COH 19
AGRI 64
AGRIFIN 20
AGRISTR 11
FORETS 12
PECHE 48
CLIMA 76
ENV 134
CADREFIN 21**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann sé le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón gCipir, ón Danmhairg, ó Éirinn, ón Íslitír, ó Lucsamburg, ón Ostair agus ón tSlóvaic**

Is príomhionstraim é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Beart urghnách aonuaire is ea níos mó lamháltas a dhíol trí Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun an Ciste Nuálaíochta a athshlánú. Chun sláine mhargadh CTA a áirithiú agus chun nach mbeadh an baol ann go mbainfí an bonn den mhuinín nach bhfuil tuillte gan dua ag CTA, níor cheart a leagan síos leis an rialachán aon fhasach le haghaidh Chúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh chun caiteachas nua de chuid an Aontais a mhaoiniú.

**Ráiteas ón mBulgáir, ón gCróit, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ó Phoblacht na Seice, ón bPolainn, ón Rómáin, ón tSlóivéin, ón tSlóvaic agus ón Ungáir**

Ba cheart don Choimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar chaibidlí REPowerEU, cloí le cur chuige maidir le neodracht theicneolaíoch. Go háirithe, i gcomhréir le téacs an rialacháin maidir le RePower, níor cheart idirdhealú a dhéanamh ar hidrigin atá saor ó fhoinsí iontaise, toisc go gcaitear léi sa rialachán ar chomhchéim le hidrigin in-athnuaite, agus ós rud é go n-aithnítear sa rialachán an méid seo a leanas: ***'ba cheart tacaíocht a thabhairt freisin d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí lena méadaítear éifeachtúlacht fuinnimh, lena ndícharbónaítear an tionsclaíocht – lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as breoslaí ísealcharbóin, amhail hidrigin ísealcharbóin, glacadh hidrigine in-athnuaite agus breoslaí in-athnuaite eile de thionscnamh neamhbhitheolaíoch – agus lena méadaítear coigilteas fuinnimh gheilleagair na mBallstát, i gcomhréir le spriocanna fuinnimh agus aeráide agus creat dlíthiúil an Aontais.***

**Ráiteas ón Eastóin**

Tacaíonn an Eastóin go láidir le cuspóirí thionscnamh RepowerEU chun spleáchas an Aontais Eorpaigh ar bhreoslaí iontaise, go háirithe allmhairí ón Rúis, a laghdú go tapa, trí choigilteas fuinnimh níos airde, trí sholáthairtí fuinnimh a éagsúlú, agus trí dhlús a chur le fuinneamh in-athnuaite a bheith á leathadh amach. Tá gá leis sin chun go seasfaidh geilleagar na hEorpa an aimsir, agus chun dea-bhail a mhuintire a áirithiú san fhadtéarma.

Mar sin féin, is oth leis an Eastóin go bhfuil tionscnamh RepowerEU le maoiniú i bpáirt ar chostas lamháltais na mBallstát faoin gCóras Trádála Astaíochtaí. Fágann sé sin go bhfuil an costas a bhaineann le tionscnamh RepowerEU á chur go díréireach ar na Ballstáit nach bhfuil chomh saibhir sin agus atá ag brath ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdaíonn tionchar RepowerEU. Ina theannta sin, tá imní ar an Eastóin i gcónaí faoi na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tús-ualú lamháltas ar mhargadh lamháltas CTA, agus faoi na héifeachtaí tánaisteacha a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar acmhainneacht na mBallstát gníomhú i réimse an fhuinnimh.

Níor cheart socruithe maoinithe *ad hoc* den sórt sin le haghaidh gníomhaíochtaí comhpháirteacha de chuid an Aontais, as a dtagann laghdú ar lamháltais na mBallstát faoin gCóras Trádála Astaíochtaí, cibé acu go díreach nó go hindíreach, a dhéanamh arís.

Ba cheart a mheabhrú gur cheart maoiniú bhuiséad an Aontais Eorpaigh a bheith bunaithe ar an gcinneadh maidir le hacmhainní dílse.